www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

**Uimhir Lárionaid**

| 71 | |
|---|---|

**Uimhir Iarrthóra**

| |
|---|

**General Certificate of Secondary Education**
**2011–2012**

# Eolaíocht: Teastas Singil (Modúlach)

## Gníomhaíocht Dhaonna agus Sláinte
## Modúl 2

## Ardsraith

**[GSC22]**

**DÉ MÁIRT 8 SAMHAIN 2011**
**2.30 pm–3.15 pm**

GSC22

**AM**

45 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **seacht** gceist.


**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 45 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| **Uimhir Ceiste** | **Marcanna** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| **Marc Iomlán** | |


www.xtrapapers.com

1 Taispeánann **Fíor A** síológa nua-phéactha thart ar a máthairchrann.



**Fíor A**

Taispeánann **Fíor B** na síológa bliain ina dhiaidh sin faoin chrann chéanna.



**Fíor B**

Déan cur síos agus tabhair míniú ar na difríochtaí i líon agus i ndáileadh na síológ idir **Fíor A** agus **Fíor B**.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________


______________________________________________________________________ [4]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**2** **(a)** Ailse craicinn a léirítear sa léaráid seo a leanas.




**(i)** Úsáid an léaráid lena lua cad é mar is féidir le hailse leathnú go dtí baill eile den chorp.

_______________________________________________

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Mínigh an dóigh a bhforbraíonn cealla ailse craicinn.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [3]

**(iii)** Luaigh fáth amháin a bhfuil méadú ar líon na ndaoine i dTuaisceart Éireann a bhfuil ailse craicinn ag teacht orthu.

_______________________________________________ [1]

**(b)** Ainmnigh an riocht a bhfuil crómasóm breise amháin i **ngach** cillchorp ina chúis leis.

_______________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(c)** Tá Siobhán le cuairt a thabhairt ar an Afraic den chéad uair.

**(i)** Luaigh cad chuige ar chóir dí líon de vacsaínithe nua a fháil sula n-imíonn sí.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(ii)** Mínigh cad chuige a gcaithfear na vacsaínithe seo a thabhairt roinnt seachtainí sula dtéann sí ar laethanta saoire.

______________________________________________ [1]


**(iii)** Luaigh an fáth a bhfuil vacsaínithe amhail MMR saor in aisce nuair a chaithfear íoc as a lán vacsaínithe taistil.

______________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**3** Rinne daltaí an turgnamh seo a leanas i rang eolaíochta.




*Adapted from: © GCSE biology for CCEA by R McIlwaine & J Napier, page 69, published by Hodder & Stoughton, 2003. ISBN 9780340858257. Reproduced by permission of Hodder Education*

**(a)** Luaigh an fáth ar fiuchadh na fleascáin agus a raibh iontu ar feadh 10 nóiméad in **Céim A**.

_______________________________________________ [1]

**(b)** Comhlánaigh na boscaí sa léaráid le cur síos ar na torthaí a mbeifeá ag súil leo i ndiaidh dhá sheachtain. [2]

**(c)** Timpeall céad go leith bliain ó shin rinne Louis Pasteur turgnamh cosúil leis an cheann seo. Mínigh ina iomláine an tátal a bhain sé as an turgnamh.


_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

www.xtrapapers.com

4 Taispeánann an graf thíos an dóigh a raibh an líon seilidí uisce in abhainn i dTuaisceart Éireann ag athrú le tríocha bliain anuas.




**(a)** Ar an mheán, tá laghdú de thuairim is 100 sa bhliain ar líon na seilidí. Bunaithe ar an treocht seo, cén bhliain a mbeidh na seilidí imithe as an abhainn seo ar fad?

Bliain _______________ [1]

**(b)** Síltear gur speiceas i mbaol é an seilide uisce mar gheall ar thruailliú níotráite.

**(i)** Is sampla de thoisc bhitheach é líon seilidí. Cad é a chiallaíonn an téarma bitheach?

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Ainmnigh foinse amháin de thruailliú níotráite agus luaigh an dóigh ar féidir méid an truaillithe ón fhoinse seo a laghdú.

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]


| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
| --- | --- |
| Marcanna | Athmharc |

**5** **(a)** Thar na mílte bliain tá cruithneacht á fás ag daoine. Fágann sé seo gur lú éagsúlacht atá ann maidir le hairde sna plandaí cruithneachta nua-aimseartha ná mar atá sa chruithneacht ársa.

**(i)** Ar an ghraf thíos lipéadaigh an cuar don chruithneacht ársa agus an cuar don chruithneacht nua-aimseartha. [1]




**(ii)** Úsáid an fhaisnéis atá ar fáil agus do chuid eolais féin le cur síos a dhéanamh agus le míniú a thabhairt ar an bhuntáiste as cruithneacht nua-aimseartha a fhás.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(iii)** Ainmnigh an cineál roghnaithe atá i gceist.

______________________________________________ [1]

**(iv)** Chomh maith leis sin, tá dias níos mó ag cruithneacht nua-aimseartha ná mar a bhí ag cruithneacht ársa. Mínigh an fáth ar buntáiste é seo.

______________________________________________ [1]

**(b)** **(i)** Ainmnigh an t-eolaí a d'fhorbair teoiric na héabhlóide.

______________________________________________ [1]

**(ii)** Luaigh fáth amháin a bhfuil teoiric na héabhlóide ina ceist chonspóideach go fóill.


______________________________________________

______________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**6** **(a)** Taispeánann an léaráid an dóigh le pláta agair a dhoirteadh.




**(i)** Úsáid an léaráid lena lua cén rud amháin a rinneadh le heilliú ón aer a sheachaint.

______________________________________________ [1]

A luaithe is atá an t-agar crua is é an chéad chéim eile baictéir a aistriú ó bhuidéal cultúir go dtí an mias Petri.

**(ii)** Cuir síos ar an dóigh a ndéanfá é seo.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [3]


**(iii)** Cad chuige nár chóir an mias Petri a ghoradh os cionn 25 °C?

______________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(b)** Taispeánann an léaráid seo a leanas an éifeacht atá ag 3 antaibheathach éagsúla, A, B agus C, ar chineál baictéir atá ina chúis le scornach seipteach i ndaoine.




**(i)** Bunaithe ar an fhaisnéis atá sa léaráid agus uirthi sin amháin, luaigh cé acu antaibheathach (A, B nó C) a mholfadh eolaithe le cóir leighis a chur ar othair a bhfuil scornach seipteach acu.

_______________ [1]

**(ii)** Luaigh toisc amháin eile ba chóir a chur san áireamh sula molfaí an t-antaibheathach seo le cóir leighis a chur ar othair a bhfuil scornach seipteach acu.

_______________________________________________ [1]

**(iii)** Dá ndéanfadh eolaithe an turgnamh arís, agus na hantaibheathaigh chéanna in úsáid acu, le 'sárfhríde' amhail MRSA, cad iad na torthaí a gheobhadh siad?

_______________________________________________ [1]

**(c)** Is cosaint ar ghalar fosta é ár gcóras imdhíonachta. Cuir síos ar an ról atá ag fagaicíotóis maidir le cosaint ar ghalar.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

7 Ba mhaith le húinéir talaimh cuidiú leis an chomhshaol. Tá rún aige ceachtar acu saileach a fhás mar bhithbhreosla i bpáirc ámhain dá chuid nó an pháirc a 'chur i leataobh' arís. Is féidir saileach a fhás agus a bhaint i dtimthriall de 3-4 bliana ach is féidir go nglacfaidh sé suas le 20 bliain leis an raon iomlán de ghnáthóga a athghiniúint i bpáirc 'curtha i leataobh'.

Scríobh cuntas gearr ar na buntáistí a bhaineann le gach rogha acu don chomhshaol.

Saileach a fhás

___

___

___

___

'Cur i leataobh'

___

___

___

___ [5]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

www.xtrapapers.com

www.xtrapapers.com

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.